CINNEADH (CBES) 2021/2033 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Samhain 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97 chun tacú leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Eanáir 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/97 ([1]), lena bhforáiltear do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin, le haghaidh na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de.

(2) Tiocfaidh deireadh le tréimhse cur chun feidhme an chomhaontaithe maoiniúcháin an 4 Feabhra 2022.

(3) An 8 Iúil 2021, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-Armála (UNODA), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/97, síneadh 12 mhí gan chostas le tréimhse cur chun feidhme an Chinnidh sin. Leis an síneadh sin, cuirfear ar chumas UNODA roinnt de na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/97 a chur chun feidhme, tionscadail ar cuireadh moill ar a gcur chun feidhme mar gheall ar phaindéim COVID-19.

(4) Maidir le síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/97 go dtí an 4 Feabhra 2023, níl aon impleachtaí aige sin maidir le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/97 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/97:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 4 Feabhra 2023.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 chun tacú leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 19, 22.1.2019, lch. 11).